



An Garda Síochána

Doiciméad Beartais

Beartas Slándála Faisnéise TFC

Dáta Éifeachta	12 Samhain 2019
Leagan Uimh.	1.0
Arna cheadú ag	Feidhmeannach an Gharda
Arna thabhairt isteach le	[Treoir HQ 056/2019]
Úinéir Beartais	Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

1. Cuspóir

Is acmhainní gnó ríthábhachtacha de chuid An Gharda Síochána iad acmhainní faisnéise agus déanfar iad a chosaint go cuí in aghaidh gach riosca. Is é is aidhm don bheartas seo cur chuige na heagraíochta i dtaca le bainistiú a chuspóirí slándála faisnéise a shainiú, chomh maith le ceanglais a leagan amach lena gcloífidh an pearsanra ar fad agus iad ag úsáid acmhainní faisnéise an Gharda Síochána. Feidhmeoidh an Beartas Slándála Faisnéise mar scáth do gach ceann de dhoiciméid nós imeachta Slándála Faisnéise an Gharda Síochána, chun freagrachtaí bainistíochta agus rialachais a leagan amach laistigh de Rannóg Cumarsáide agus Teicneolaíochta Faisnéise an Gharda Síochána (TFC an Gharda Síochána).

2. Raon Feidhme

Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir le gach ball foirne de chuid an Gharda Síochána a úsáideann acmhainní faisnéise an Gharda Síochána. Tá feidhm aige chomh maith maidir le Póilíní Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir Alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

3. Ráiteas Beartas

Tá an Garda Síochána tiomanta d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm beartas agus nósanna imeachta Slándála Faisnéise a léiríonn dea-chleachtas. Chun dea-chleachtas agus comhsheasmhacht an chur i bhfeidhm a choinneáil ar fud na heagraíochta, táthar ag súil go gcomhlíonfaidh gach bainisteoir, maoirseoir agus Gach Ball Foirne de chuid an Gharda Síochána na caighdeáin atá leagtha amach, agus go mbeidh siad freagrach as aon imeacht ó na caighdeáin sin a shainítear sa bheartas Slándála Faisnéise agus sna doiciméid nós imeachta a ghabhann leis.

Tá Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC an Gharda Síochána freagrach as 'Slándáil Faisnéise' a chothabháil agus a rialú laistigh den Gharda Síochána, chomh maith leis na beartais agus na nósanna imeachta Slándála Faisnéise a chur i bhfeidhm.

Tá TFC an Gharda Síochána freagrach as na nithe seo a leanas faoin mBeartas Slándála Faisnéise TFC:

- Córas Bainistíochta Slándála Faisnéise (ISMS) a bhunú agus a chothabháil a shainíonn agus a dhéanann iniúchadh ar phróisis Slándála Faisnéise ar fud an Gharda Síochána.
- Na beartais, nósanna imeachta agus treoirínte Slándála Faisnéise don Gharda Síochána a fhorbairt agus a chothabháil.
- Riosca Slándála Faisnéise a mheas agus a bhainistiú, trí fhorbairt daoine, próiseas agus réitigh teicneolaíochta a chuirtear i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.
- Na rialuithe slándála caighdeánacha íosta a leagan amach agus a chothabháil.
- Comhlíonadh beartas, nósanna imeachta agus treoirínte Slándála Faisnéise agus eisceachtaí ina leith a bhainistiú.
- Dearadh agus oibriú na teicneolaíochta a fhorfheidhmíonn Slándála Faisnéise a rialú.
- Feasacht a spreagadh agus oiliúint a fhorbairt ar ábhair Slándála Faisnéise.
- Bagairtí, teagmhais agus sáruithe slándála faisnéise a bhainistiú de réir na Nósanna Imeachta um Bainistiú Teagmhas Slándála Faisnéise.

Beidh sé mar aidhm ag TFC an Gharda Síochána é seo a dhéanamh, go páirteach, trí gach réimse a bhaineann le hacmhainní faisnéise agus áiseanna próiseála faisnéise an Gharda Síochána a rialáil, trí na réimsí slándála faisnéise seo a leanas a rialú agus a chothabháil:

- Úsáid Inghlactha
- Criptiú
- Bainistíocht Sócmhainní
- Bainistíocht Leanúnachais Gnó Slándála Faisnéise
- Bainistíocht Teagmhas Slándála Faisnéise



- Rialú Rochtana & Bainistíocht Aitheantais Úsáideora
- Oibríochtaí TF (Bainistíocht TFC, Cosaint in aghaidh Bogearraí mailíseacha, Cúltaicé, Bainistíocht Leochaileachta, Logáil agus Iniúcháireacht)
- Bainistíocht Printéirí
- Gléasanna Soghluaiste
- Slándáil Fhísiciúil & Timpeallachta

Ní sháraíonn an beartas seo ná na doiciméid nós imeachta a ghabhann leis aon dlíthe agus rialacháin is infheidhme maidir le príobháideacht sonraí agus cosaint sonraí a bhfuil an Garda Síochána faoina réir. Clúdaíonn sé sonraí leictreonacha, córais ríomhaireachta, líonraí sonraí, freastalaithe agus ríomhairí pearsanta (saorsheasaimh nó líonra-chumasaithe), atá lonnaithe sa Gharda Síochána agus in áiteanna nach suíomhanna de chuid an Gharda Síochána iad. Áirítear leis seo córais atá faoi dhlínse agus/nó faoi úinéireacht an Gharda Síochána, agus gach ríomhaire agus/nó freastalaí pearsanta atá údaraithe chun rochtain a fháil ar líonraí sonraí an Gharda Síochána. Tá feidhm ag an mbeartas maidir leis an nithe seo a leanas: croíchórais phóilíneachta, feidhmchláir, bunachair sonraí, córais oibriúcháin, cód foinse, sócmhainní, gléasanna soghluaiste, ríomhairí, ríomhairí glúine, freastalaithe, líonraí, comhéadain agus meán earraí, ach níl sé teoranta dóibh.

D'fhéadfadh gníomh smachtaithe agus/nó caingean dlí a bheith mar thoradh ar shárú na mbeartas seo.

Is íoschaighdeán iad na ceanglais a luaitear sna doiciméid nós imeachta gaolmhara. Tá sé inghlactha i gcónaí bearta a chur i bhfeidhm atá níos déine ná an méid atá doiciméadaithe. Níl gá le heisceacht slándála faisnéise nuair a sháraítear na híoschaighdeáin.

Déanfar imscrúdú ar gach sárú líomhnaithe ar na treoirlínte a leagtar amach sa bheartas seo agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith mar thoradh air: gach saoráid cumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise a bhaint, gníomhartha smachtaithe, agus/nó imeachtaí coiriúla nó sibhialta a thionscnamh.

4. Comhlíonadh

Tá comhlíonadh Bheartas Slándála Faisnéise an Gharda Síochána agus na Nósanna Imeachta a ghabhann leis éigeantach do gach comhalta den Gharda Síochána, d'Fhoireann an Gharda Síochána, agus d'Oifig Phóilíneachta ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht chuig an nGarda Síochána de réir Alt 53, Acht an Gharda Síochána, 2005.

Féadfar baill foirne a thabhairt chun cuntais as sárúithe líomhnaithe de bharr aon sárúithe ar an mBeartas agus Nósanna Imeachta Slándála Faisnéise.

5. Doiciméid Ghaolmhara

- Cód Eitice
- Cosaint sonraí don Gharda Síochána

6. Scagthástáil ó thaobh an Dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scagthástáil ó thaobh an Dlí agus Cearta Daonna ar an doiciméad seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

7. Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

1. Athbhreithniú ar Bheartas & Nós Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an doiciméad seo agus ar an mBeartas gaolmhar 12 mhí óna dháta éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin nó de réir mar is cuí.

2. Séanadh

Ní bheartaítear gur comhairle dlí atá sa bheartas seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

10. Aiseolas ar Dhoiciméad Beartais & Nós Imeachta

Coinníonn an tAonad Comhordaithe Beartais agus Rialachais Loga Saincheisteanna Beartais. Sa chás go bhfuil saincheisteanna féideartha ann maidir le cur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta atá leagtha amach sa doiciméad seo, seol achoimre ar an gcéanna tríd an Oifig Rannáin ábhartha chuig bosca poist na Rannóige policy.governance@garda.ie. Déanfar aighneachtaí rannáin a thaifeadadh sa Loga Saincheisteanna Beartais agus cuirfear ar aghaidh chuig Úinéir an Pholasáí iad le haghaidh cibé gníomh a mheastar a bheith riachtanach.

***(Tabhair do d'aire, le do thoil** , i gcás ina dtiocfadh saincheist phráinneach chun cinn maidir le cur chun feidhme an doiciméid Bheartais seo agus na ndoiciméad Nós Imeachta a ghabhann leis, ba cheart a chur in iúl go soiléir go bhfuil sé práinneach / tábhachtach agus ba cheart í a thuairisciú go díreach do Mhaoirseoirí/Bainisteoirí Céadlíne lena chinntiú go dtugtar aghaidh air).*

